

Ceisteanna & Freagraí: Disléicse

Questions & Answers: Dyslexia

Gaeloideachas 
Guth don Oideachas Ián-Ghaeilge agus Gaeltachta



Clár

Réamhrá.....	2
Disléicse agus oideachas Lán-Ghaeilge	6
Tacaíocht a chur ar fáil don pháiste le disléicse.....	11
Cén chaoi ar féidir liom tacú le mo pháiste?	11
Oideachas iar-bhunleibhéil agus disléicse	17
Tagairtí	21
Acmhainní	22

Réamhrá

Roghnaíonn go leor tuismitheoirí a bhfuil páistí le riachtanais speisialta oideachais acu scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta dá gclann. Is í an disléicse an riachtanas speisialta oideachais is coitianta a n-áirítear i scoileanna lán-Ghaeilge, agus tá sí ar níos mó ná 9% de dhaltáí atá sa chóras bunleibhéil lán-Ghaeilge. Sa rannóg seo, tá comhairle agus eolas do thuismitheoirí agus chaomhnóirí maidir le disléicse a aithint, cúrsaí measúnaithe agus conas tacú le páiste a bhfuil disléicse air nó uirthi. Is é an bhunsprioc atá leis an eolas seo ná cabhrú le tuismitheoirí tuiscint níos fearr a bheith acu ar an disléicse, dul i ngleic le roinnt de na míthuiscintí a bhaineann le disléicse agus oiriúnacht an chórais lán-Ghaeilge, mar aon le comhairle a thabhairt maidir le conas tacú le do pháiste. Ba mhaith linn tuismitheoirí a chumasú agus a chur ar an eolas faoin disléicse le go mbeidh siad in ann na roghanna is fearr a dhéanamh dá bpáistí. Tá roinnt leideanna praiticiúla againn do thuismitheoirí freisin ar bhealaí chun tacú leis an bhfoghlaím agus leis an obair bhaile.

Is fíorcheisteanna iad na ceisteanna thíos a bhfuair Gaeloideachas ó thuismitheoirí agus chleachtóirí. Táimid fíorbhuíoch d'Emily Barnes ón tSaotharlann Foghraíochta agus Urlabhra, Coláiste na Tríonóide, as na freagraí seo a chur ar fáil, mar aon leis na taighdeoirí agus cleachtóirí a roinn a gcuid leideanna, comhairle agus taighde ag ár gcuid oícheanta eolais ar an disléicse a bhí ar siúl le deireanaí. Is féidir breathnú ar thaifead de na seimineáir seo ag na naisc seo:

<https://youtu.be/2vXJzEvpMuU> (Seimineár Béarla)

<https://youtu.be/-8nvwfWkokY> (Seimineár Gaeilge)

Má tá aon cheisteanna ginearálta eile ar chóir bheith anseo, dar leat, beimid lánsásta iad a áireamh. Is féidir ríomhphost a chur chuig Ciara Ní Bhroin ciara@gaeloideachas.ie. Má tá aon ábhar imní eile agat nó ma tá eolas breise ginearálta uait, b'fhéidir go mbeadh Cumann Disléicse na hÉireann in ann cabhrú leat. Féach ar: www.dyslexia.ie.

Ceisteanna & Freagraí: Disléicse
Questions & Answers: Dyslexia

Disléicse a aithint

Identifying dyslexia

Gaeloideachas

Guth don Oideachas Ián-Ghaeilge agus Gaeltachta



Disléicse a aithint

Are the early signs of dyslexia identified in an Irish-medium or Gaeltacht school in a An aithnítear luathchomharthaí na disléicse i scoileanna lán-Ghaeilge nó Gaeltachta ar an gcaoi chéanna is a aithnítear i scoileanna lán-Bhéarla iad?

Baineann gach scoil leas as Leanúntas Tacaíochta le riachtanais a aithint. Baintear úsáid as na teoracha céanna i scoileanna lán-Ghaeilge agus lán-Bhéarla araon maidir le cén chaoi disléicse a aithint an chaoi le tacú le daltaí. Déanann múinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta monatóireacht ar fhorbairt teanga na bpáistí ó thús na bunscoile agus is féidir leo fadhbanna féideartha a aithint ón tús.

Tá trí chéim ag an Leanúntas Tacaíochta:

Céim 1: Má thugann an múinteoir nó tuismitheoir faoi deara nach bhfuil forbairt ag teacht ar scoileanna litearthachta an pháiste, is féidir leis an múinteoir ranga tacaíocht a chur ar fáil ag brath ar riachtanais an pháiste (m.s cleachtadh agus treoir maidir le fónaic bhreise). Leagann an múinteoir spriocanna amach don pháiste. Cuirtear an páiste ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile mura féidir leis na spriocanna seo a bhaint amach.

Céim 2: Nuair a thosaíonn an teagasc léitheoireachta i gceart, is féidir tástáil a dhéanamh le riachtanais a aithint. Tá roinnt de na tástálacha seo bunaithe ar forbairt na litearthachta Béarla i scoileanna lán-Bhéarla, agus baineann scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta leas as uirlisí eile ar nós Áis mheasúnaithe don Luathlitearthacht agus Mar a Déarfá! le heolas a bhailiú faoi riachtanais na bpáistí. Bunaithe ar an eolas seo, cuireann an múinteoir ranga nó an múinteoir tacaíochta foghlama saintreoir foghlama i bhfeidhm i ngrúpa beag. Tar éis na hidirghabhála seo, déantar measúnú ar dhul chun cinn an pháiste agus cuirtear an páiste ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile mura mbaireann siad na spriocanna foghlama amach.

Céim 3: Buailteann foireann (d'fhéadfadh múinteoir ranga, múinteoir tacaíochta foghlama, tuismitheoirí agus síceolaí oideachais bheith i gceist) le buanna an pháiste agus freagairt an pháiste leis an idirghabháil go dtí sin a phlé. Déanann an síceolaí diagnóis fhoirmiúil ag an gcéim seo agus déantar athbhreithniú ar phlean foghlama an pháiste, leis na hathruithe cuí curtha i bhfeidhm. De ghnáth cuireann an múinteoir tacaíochta foghlama tacaíocht ar fáil ag an gcéim seo. Bíonn an tacaíocht seo i bhfoirm teagasc duine le duine lasmuigh den seomra ranga.

Sula dtéann an páiste ar aghaidh chuig iar-bhunscoil, is gá athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais foghlama an pháiste. Aithnítear anseo na tacaíochtaí a bheidh as teastáil ón bpáiste san iar-bhunscoil.

Conas a bheadh fhios agat go cinnte go bhfuil disléicse ar do pháiste? Cé na huirlisí eile atá ar fáil seachas scagthástálacha disléicse a aithníonn comharthaí nó deacrachtaí disléicse?

Tá na comharthaí a bhaineann le disléicse éagsúil ó dhuine go duine. Bíonn láidreachtaí agus laigí éagsúla ar leith ag gach aon duine a bhfuil disléicse air nó uirthi. Tá breis eolais ar roinnt de na comharthaí is coitianta a bhaineann le disléicse le fáil ar shuíomh Chumann Disléicse na hÉireann nó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Caithfear tástáil dhiagnóiseach a dhéanamh le síceolaí oideachais le fios a bheith agat go cinnte go bhfuil disléicse ar do pháiste. Ba cheart go mbeadh tuiscint ag an síceolaí a dhéanann an tástáil sin ar an dátheangachas agus ar shealbhú na litearthachta i ndá theanga éagsúla. Chomh maith leis sin – go háirithe más í Gaeilge teanga an bhaile – ba cheart go mbeadh Gaeilge ag an síceolaí. Sula ndéantar tástáil dhiagnóiseach, is féidir go leor eolais a fháil ar riachtanais an pháiste le huirlisí éagsúla cosúil leis an *Áis Mheasúnaithe don Luathlitearthacht* nó áis mheasúnaithe *Mar a Déarfá* chomh maith leis na scagthástálacha i mBéarla.

Céard iad na buntáistí a bhaineann le diagnóis a fháil? An bhféadfadh míbhuntáistí bheith i gceist?

De ghnáth tugann diagnóis faoiseamh do thuismitheoirí, cé go mbíonn sé deacair ag an tús. Tagann an faoiseamh nuair a thuigeann na thuismitheoirí nach mbaineann deacrachtaí an pháiste lena chumas ina iomláine, agus go bhfuil pobal daoine ann a raibh an eispéireas céanna acu is a bhí ag do pháiste go dtí seo. Is féidir le diagnóis an próiseas a bhogadh ó dheacrachtaí a aithint go dtí aimsiú réiteach na ndeacrachtaí. Tugann an tuairisc a bhíonn le diagnóis eolas luachmhar ar bhuanna an pháiste chomh maith leis na réimsí ina mbeidh tacaíocht ag teastáil. Cuirtear torthaí na tuairisce san áireamh i bplean idirghabhála a dhíríonn isteach ar bhuanna an pháiste, agus ar na réimsí a mbíonn an páiste an streachailt leo.

Bíonn an éifeacht a bhaineann le lipéadú an pháiste ina hábhar inní do thuismitheoirí. Is minic go n-aithníonn an páiste na deacrachtaí seo fiú mura bhfuil diagnóis fhoirmiúil i gceist. Is féidir le diagnóis bheith úsáideach chun daoine eile a raibh na deacrachtaí céanna acu a aithint. Cé go dtugann tuairisc shíceolaíochta léargas maith ar bhuanna nó dheacrachtaí an pháiste, is tábhachtach a chur san áireamh go bhféadfadh athruithe teacht air seo thar thréimhse ama. Is uirlis í tuairisc shíceolaíochta a chuireann le hidirghabháil chuí a ullmhú, ní tuar ar chumais an pháiste atá i gceist.

An féidir le páistí tacaíochtaí a fháil ar scoil a bhaineann leis an léitheoireacht agus an scríobhneoireacht, fiú mura bhfuil fadhb litearthachta aitheanta ag duine proifisiúnta?

Is féidir. Cinntíonn an Leanúntas Tacaíochta go gcuirtear tacaíocht ar fáil a luaithe is a aithnítear fadhb. Tugann an múinteoir ranga nó múinteoir tacaíochta foghlama tacaíocht agus déantar athbhreithniú rialta ar dhul chun cinn an pháiste. Féach ar an gcéad cheist ar an leathanach seo le míniú níos fearr a fháil ar an Leanúntas Tacaíochta.

An bhfuil nasc idir Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (ASD), Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde (ADHD) agus disléicse?

Tá neart taighde déanta ar an nasc idir ADHD agus disléicse. Comhlíonann thart ar 25-40% de pháistí a bhfuil ADHD nó disléicse orthu na critéir don neamhord eile (Pennington, 2006). Ní bhíonn ceachtar den neamhord mar chúis leis an neamhord eile. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil tosca riosca i gcoitinne ag an dá neamhord, rud is cúis le diagnóis don dá neamhord i roinnt cásanna.

Níl an méid céanna taighde déanta ar an nasc idir ASD agus disléicse. Bunaithe ar an eolas atá againn, ní mó an seans go mbeidh disléicse ar dhuine le ASD is a bheidh ann do dhuine nach bhfuil ASD air, agus a mhalairt.

Ceisteanna & Freagraí: Disléicse
Questions & Answers: Dyslexia

Disléicse & Oideachas Lán-Ghaeilge

Dyslexia & Irish-medium education

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta



Disléicse agus oideachas Lán-Ghaeilge

Cén chaoi a mbeadh a fhios agam go n-oirfeadh scoil lán-Ghaeilge do mo pháiste?

Sula dtosaíonn do pháiste ar scoil, is deacair tuairim bheith agat faoin gcaoi a dtiocfaidh forbairt ar spéiseanna do pháiste. Déanann freastal ar scoil lán-Ghaeilge nó Ghaeltachta uasmhéadú ar roghanna agus dheiseanna do pháiste agus é nó í ag fás aníos. Chomh maith leis na buntáistí acadúla agus cultúrtha a bhaineann leis an dátheangachas, tá níos mó deiseanna fostaíochta do dhaoine a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu. Is léir ó thaighde (féach an rannóg maidir le Tagairtí) go ndéanann páistí i scoileanna lán-Ghaeilge an fhorbairt chéanna i gcás forbairt scileanna litearthachta agus teanga an Bhéarla is a dhéanann páistí i scoileanna lán-Bhéarla.

Is é an rud is tábhachtaí ná cinnte a dhéanamh de go n-oireann an scoil do do pháiste agus a chinntiú go bhfuil na hacmhainní nó taithí aici le tacú le foghlaim agus sonas do pháiste. Bíonn sé seo mar an gcéanna i scoileanna lán-Bhéarla agus scoileanna lán-Ghaeilge araon. Is fiú éiteas na scoile, méid na ranganna agus deiseanna seach-churaclaim a chur san áireamh chomh maith. Má bhíonn riachtanais speisialta oideachais ag do pháiste, cinntigh go bhfuil na tacaíochtaí agus an taithí acu chun tacú le do pháiste. Éist le eispéiris tuismitheoirí eile agus iarr ar an scoil eolas a thabhairt duit ionas go mbeidh tú in ann cinneadh feasach a dhéanamh.

Tá sé ráite ag síceolaí nach n-oirfeadh scoil lán-Ghaeilge do mo pháiste? Cén chomhairle a chuirfeá orm maidir leis seo?

Bhíodh an chomhairle seo thar a bheith coitianta ach tá sé ag athrú bunaithe ar an taighde. Tugann an taighde le fios gur chóir an deis a thabhairt do pháistí bheith dátheangach agus gur féidir leo barr a gcumais (acadúil) a bhaint amach i scoil lán-Ghaeilge. Tugann taighde le fios go n-éiríonn le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chomh maith céanna leis an léitheoireachta Bhéarla, is a éiríonn le páistí leis na riachtanais chéanna i scoileanna lán-Bhéarla. Is féidir le páistí a bhfuil disléicse orthu barr a gcumais acadúil a bhaint amach i scoil lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta, a fhad is atá an tacaíocht chuí ar fáil.

Is é an príomhrud ná an féidir leis an scoil tacú le riachtanais do pháiste. Fiosraigh an leibhéal tacaíochta atá ar fáil sa scoil lán-Ghaeilge. Is fiú fiosrúchán a dhéanamh maidir le cén tsamhail tacaíochta atá ag an scoil, an taithí atá acu maidir le páistí a bhfuil disléicse orthu a thacú agus cén oiliúint a cuireadh ar an bhfoireann maidir leis an disléicse. Is gá folláine an pháiste a chur san áireamh chomh maith, agus an tionchar a fhéadfadh a bheith ag athrú scoile ar an bpáiste tar éis dó nó di socrú isteach sa scoil lán-Ghaeilge.

I dtaighde a foilsíodh le déanaí (Andrews, 2020), rinneadh iniúchadh ar na buntáistí a d'aithin na tuismitheoirí a choinnigh a páistí s'acusan i scoileanna lán-Ghaeilge. I measc na mbuntáistí seo tá:

- D'éirigh a bpáistí dátheangach agus is féidir leo cumarsáid a dhéanamh sa dá theanga
- Buntáistí acadúla san iar-bhunscoil, marcanna maithe sa Ghaeilge agus aistriú scileanna go dtí an tríú teanga mar shampla.
- Féinmheas, féinaitheantas agus bród: mhothaigh páistí go raibh an Ghaeilge ina buntáiste dóibh i gcomparáid le scoláirí scoileanna lán-Bhéarla.
- Deiseanna athdhéanta: thug foghlaim scileanna áirithe sa dá theanga deiseanna athdhéanta do na scoláirí, a chabhraigh leo máistreacht a fháil ar roinnt scileanna.

[Ar chóir dúinn cloí leis an oideachas lán-Ghaeilge ag leibhéal na bunscoile sa chás go n-aithnítear Riachtanais Speisialta Oideachais \(RSO\), go háirithe más níos mó ná deacracht amháin atá aitheanta? Mar shampla má bhíonn disléicse agus dioscailcúile ar an bpáiste, nó disléicse agus lagú éisteachta fiú?](#)

Is í an cheist is tábhachtaí ná an bhfuil taithí agus acmhainní ag an scoil a thacóidh le foghlaim agus sonas do pháiste. Cuireann scoileanna lán-Ghaeilge oideachas ar fáil do dhaltá a bhfuil riachtanais speisialta acu, idir riachtanais fhisiciúla agus riachtanais oideachais; páistí a bhfuil lagú radhairc nó éisteachta acu, páistí atá ar speictream an uathachais, páistí a bhfuil disléicse orthu agus iad le riachtanais speisialta oideachais eile. Cuireann scoileanna lán-Ghaeilge an tacaíocht chéanna ar fáil is atá i scoileanna lán-Bhéarla. Cuir ceist ar an scoil maidir leis an tacaíocht is féidir leo a chur ar fáil, bunaithe ar shainriachtanais do pháiste, chomh maith leis an taithí atá acu ag déileáil le páistí a bhfuil diagnóis acu do níos mó ná RSO amháin. Ní aisteach an rud é go mbeadh riachtanais a bhaineann le réimse eile ag páiste a bhfuil disléicse air. Éiríonn go geal le neart páistí a bhfuil disléicse orthu i scoileanna lán-Ghaeilge, agus bíonn siad an-sásta.

[Má tá disléicse ar pháiste ar chóir dóibh a bheith i scoil Ghaeltachta? An mbeadh sé nó sí níos fearr as a bheith i scoil lán-Bhéarla?](#)

Tugann scoileanna Gaeltachta deis do pháistí scileanna litearthachta agus labhartha a fhorbairt i mBéarla agus i nGaeilge i dtimpeallacht atá an-tacúil. Bíonn tuilleadh tacaíochta ar fáil anois ná riamh mar gheall go bhfuil múinteoirí tacaíochta teanga ann i scoileanna Gaeltachta ó tháinig an Polasaí don Oideachas Gaeltachta i bhfeidhm. Tá sé an-tábhachtach go bhfaigheann páistí an deis a gcuid scileanna a fhorbairt i dteanga an phobail agus i dteanga a muintire, agus faigheann páistí an seans sin sna scoileanna Gaeltachta. Is féidir le páistí i scoileanna Gaeltachta barr a gcumais a bhaint amach agus téann an traschur scileanna chun tairbhe dá scileanna litearthachta sa dá theanga. Chomh maith leis sin, tá go leor buntáistí acadúla, cognaíochta agus teanga ag baint le hoideachas trí Ghaeilge.

Aon chomhairle faoi oiriúint scoil Ghaeltachta do pháiste a bhfuil disléicse orthu, nuair nach bhfuil an Ghaeilge mar an chéad teanga sa bhaile?

Is i nGaeilge amháin a fhorbraítear scileanna litearthachta sna scoileanna Gaeltachta don chéad dá bhliain ar scoil ó cuireadh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta i bhfeidhm in 2017. Tugann sé seo deis iontach do pháiste an Ghaeilge a shealbhú agus na scileanna litearthachta cuí a fhorbairt sna naíonáin bheaga agus sna naíonáin mhóra, is cuma cén teanga bhaile atá acu. Ní dhéantar Béarla go dtí Rang a 1 agus ní bhíonn stró ar bith ar pháiste na scileanna litearthachta a d'fhorbair siad i nGaeilge ar feadh dhá bhliain ar dtús a aistriú go foghlaim an Bhéarla.

An ionann na fadhbanna i nGaeilge agus i mBéarla maidir le cuimhne, luas léitheoireachta agus próiseála, seiceamhú, srl.?

Tá deacrachtaí sna réimsí sin ar fad ag roinnt daoine le disléicse, agus tá deacrachtaí i gcuid de na réimsí sin ag daoine eile le disléicse. Ag an leibhéal cognaíoch (cuimhne, próiseáil, seiceamhú), is ionann na deacrachtaí atá ag duine le disléicse in aon teanga. Bíonn tionchar éagsúil ag an disléicse ar an léamh agus ar an litriú i dteangacha éagsúla, áfach. Mar shampla, i dteanga le córas casta scríofa (e.g. Béarla), is minic a dhéantar botúin sa léamh agus sa litriú. I dteanga le córas simplí, (e.g. Spáinnis) is minic a bhíonn an léitheoireacht mall ach cruinn. Tá an Ghaeilge níos rialta ná an Béarla agus beidh páistí in ann leas a bhaint as an rialtacht sin má mhúintear fónaic dóibh.

Céard iad na scálaí tomhais agus critéir oibiachtúla atá ann a dhéanann measúnacht ar fhorbairt mo pháiste laistigh den chóras oideachas lán-Ghaeilge, forbairt sa Ghaeilge agus forbairt níos ginearálta?

Déanann an curaclam nua spriocanna foghlama a bhriseadh síos ina gcéimeanna, rud a ligeann do mhúinteoirí dul chun cinn a thomhas. Is féidir le múinteoirí é a aithint mura mbíonn dul chun cinn an pháiste go maith i gcomparáid le daltaí eile ná i gcomparáid le scileanna an pháiste i réimsí eile. Is féidir le múinteoirí Próifílí Measúnachta don Ghaeilge sna Scoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge a úsáid chomh maith, a leagann forbairt teanga páistí amach ina céimeanna, ionas gur féidir iniúchadh a dhéanamh ar an dul chun cinn. Má aithníonn an múinteoir nach bhfuil na spriocanna foghlama á mbaint amach ag páiste, cuirtear tacaíocht ar fáil dó (féach ar an leathanach maidir le Disléicse a aithint le heolas a fháil a bhaineann leis an Leanúntas Tacaíochta). Ba chóir duit coinne a dhéanamh chun labhairt leis an múinteoir ranga sa chás go bhfuil tú imníoch faoi dhul chun cinn do pháiste sa Ghaeilge, nó i réimsí eile.

An bhfuil aon taighde ann a chuireann torthaí páistí a bhfuil disléicse orthu i scoileanna lán-Bhéarla i gcomparáid le torthaí páistí le disléicse i scoileanna lán-Ghaeilge nó Gaeltachta?

Bunaithe ar an taighde, éiríonn páistí a bhfuil riachtanais bhreise oideachas acu chomh maith céanna i scoileanna lán-Bhéarla is a éiríonn siad i gcóras an tumoideachais. Baineann buntáistí breise leis an scolaíocht lán-Ghaeilge nach bhfuil ceangal díreach acu le torthaí litearthachta. Rinne taighde le déanaí (Andrews, 2020) iniúchadh ar thuairimí na dtuismitheoirí a sheol a bpáistí (a bhfuil disléicse orthu) chuig scoileanna lán-Ghaeilge. I measc na mbuntáistí a aithníodh tá:

- Dátheangachas: is féidir leis an bpáiste cumarsáid a dhéanamh i ndá theanga.
- Buntáistí acadúla san iar-bhunscoil, marcanna maithe sa Ghaeilge agus aistriú scileanna go dtí an tríú teanga mar shampla.
- Féinmheas, féinaitheantas agus bród: mhothaigh páistí go raibh an Ghaeilge ina buntáiste dóibh i gcomparáid le scoláirí scoileanna lán-Bhéarla.

- Deiseanna athdhéanta: thug foghlaim scileanna áirithe sa dá theanga deiseanna athdhéanta do na scoláirí, a chabhraigh leo máistreacht a fháil ar roinnt scileanna.

Rinne staidéar amháin comparáid idir forbairt litearthachta na scoláirí i scoileanna lán-Ghaeilge, scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Bhéarla (Parsons & Lyddy, 2016). I measc na rannpháirtithe bhí daoine ó raon iomlán an chumais léitheoireachta, léitheoirí maithe agus léitheoirí laga. Ní raibh éinne aitheanta mar dhuine a raibh disléicse air mar gheall ar an aoisghrúpa (Naíonáin Mhóra – Rang 2). Fuarthas amach sa taighde go raibh na páistí i scoileanna lán-Ghaeilge, mar ghrúpa, chomh maith céanna maidir le léitheoireacht an Bhéarla is a bhí páistí i scoileanna lán-Bhéarla. Anuas air sin, bhí scileanna léitheoireachta agus foclóra Gaeilge níos fearr acu ná dream na scoileanna lán-Bhéarla, agus bhí scileanna díchódaithe ag na páistí i scoileanna lán-Ghaeilge a bhí mar an gcéanna leis na páistí i scoileanna lán-Bhéarla. Ní féidir forbairt scileanna na scoláirí aonair a thomhas mar gur grúpstaidéar a bhí i gceist. É sin ráite, rinne staidéar eile (Ní Chiaruáin, 2009) iniúchadh ar an bhforbairt a rinne triúr scoláirí i scoil lán-Ghaeilge, a raibh disléicse orthu. Mhaígh torthaí an taighde seo go ndéanann siad dul chun maith sa dá theanga, agus go raibh a scileanna léitheoireachta Béarla beagán níos fearr ná mar a bhí sa Ghaeilge.

Rinneadh grúpstaidéir ar scoláirí i gCeanada a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu, dream a bhí i dtumoideachas Fraincise. Tá Genesee agus Jared (2008) tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na staidéir seo. Maíonn an fhianaise go mbíonn leibhéal léitheoireachta na bpáistí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais orthu chomh maith céanna i scoileanna lán-Bhéarla agus scoileanna lán-Fhraincise, agus go mbíonn leibhéal léitheoireachta Fraincise níos airde ag na scoláirí sna scoileanna lán-Fhraincise. Tá neart cosúlachtaí idir scoileanna lán-Fhraincise i gCeanada agus cás na scoileanna lán-Ghaeilge in Éirinn.

Conas a thuigeann tuismitheoir má tá Béarla a p(h)áiste tar éis a fhorbairt mar is ceart agus iad sa chóras lán-Ghaeilge nó Gaeltachta?

Ón taighde atá déanta, is amhlaidh go mbíonn an foclóir Béarla atá ag páistí i scoil lán-Ghaeilge chomh maith céanna is a bhíonn an foclóir atá ag páistí i scoileanna lán-Bhéarla. Chomh maith leis sin, tar éis dóibh tosú ar fhoghlaim an Bhéarla ar scoil, bíonn an foclóir Béarla atá ag páistí i scoileanna Gaeltachta chomh maith céanna is a bhíonn an foclóir atá ag páistí i scoileanna lán-Bhéarla.

Más Gaeilge a labhraíonn páiste sa bhaile, seans go mbeidh forbairt scileanna labhartha Béarla an pháiste níos moille ná páistí a thógtar le Béarla, ach níl aon bhaol ann nach mbeidh máistreacht acu ar an mBéarla tar éis na bunscoile. Is fiú leanúint le forbairt scileanna teanga sa Ghaeilge sa bhaile, agus tiocfaidh na scileanna Béarla de réir a chéile.

Céard iad na difríochtaí idir teagasc na léitheoireachta (léitheoireacht an Bhéarla ach go háirithe) i scoileanna lán-Ghaeilge nó Gaeltachta agus teagasc na léitheoireachta i scoileanna lán-Bhéarla?

Tá teagasc na léitheoireachta Béarla mar an gcéanna i scoileanna lán-Ghaeilge, scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Bhéarla. De ghnáth baintear úsáid as meascán de theagasc foghraíochta agus teagasc na bhfocal iomlán. Ní hionann tabhairt isteach léitheoireacht Bhéarla agus Ghaeilge i ngach scoil, áfach. Tugann roinnt scoileanna léitheoireacht Bhéarla isteach ar dtús, tugann scoileanna eile léitheoireachta Ghaeilge isteach ar dtús agus tá scoileanna ann a thugann an dá cheann isteach ag an am céanna. Tugann scoileanna Gaeltachta léitheoireacht Ghaeilge isteach ar dtús, de réir Pholasáí don Oideachas Gaeltachta. Sna scoileanna seo tá tumoideachas Gaeilge riachtanach sa chéad dá bhliain.

Léiríonn taighde roimhe seo (Parsons & Lyddy, 2016) go mbíonn sealbhú litearthacht an Bhéarla i measc na scoláirí scoileanna lán-Ghaeilge chomh maith céanna leis na scoláirí i scoileanna lán-Bhéarla, faoin am a mbaineann siad Rang 2 amach. Léiríonn sé chomh maith go mbíonn leibhéal sealbhaithe na litearthachta Gaeilge níos airde i measc scoláirí scoileanna lán-Ghaeilge. Mar an gcéanna, bhí scileanna léitheoireachta agus foclóra Gaeilge níos fearr acu ná dream na scoileanna lán-Bhéarla, agus bhí scileanna díchódaithe ag na páistí scoileanna lán-Ghaeilge a bhí mar an gcéanna leis na páistí i scoileanna lán-Bhéarla.

Cén chaoi a n-oibríonn fónaic do pháiste a bhfuil disléicse air? An gcuirfidh sé isteach ar thuiscint fóineolaíochta an pháiste mura bhfuil Gaeilge á labhairt sa bhaile?

Modh teagaisc is ea fónaic a dhéanann soiléiriú ar an nasc idir fuaimeanna agus litreacha. Tugann na scoileanna seo a leanas bunús maith do theagasc na fónaice: (1) tuiscint ar fhuaimneanna na teanga (2) a thuiscint gur féidir focail a bhriseadh síos ina bhfóinéimí (fuaimeanna níos giorra), agus gur féidir fóinéimí a chur le chéile le focal a dhéanamh astu, (3) an cumas chun litreacha a aithint.

Don chéad scil, caithfidh an páiste tuiscint a fháil ar fhuaimneanna na Gaeilge nach gcloistear i gcéad teanga an pháiste. Is féidir é seo a dhéanamh mar chuid de chlár oiliúna thuiscint fóineolaíochta. Is féidir cur leis an scil seo sa bhaile chomh maith le ríomhleabhair Ghaeilge agus cláir theilifíse TG4. Ní bhraitheann an dara agus an tríú scil ar thuiscint na teanga. Más féidir le do pháistí focail Bhéarla a bhriseadh síos ina bhfóinéimí, beidh siad in ann amhlaidh a dhéanamh le focail Ghaeilge. Cabhróidh cluichí focal (i dteanga an tí) a dhéanann cleachtadh ar bhriseadh síos na bhfocal le scileanna litearthachta an pháiste.

Buairt maidir le stór focail nuair is Béarla atá againn sa bhaile

Béarla atá againn den chuid is mó aige baile. Nuair a rachaidh mo pháiste (aois 7) in aois, leathnóidh a foclóir Béarla mar sin atá á labhairt aige. Táim cinnte nach leathnóidh a foclóir Ghaeilinn ar an luas céanna. Tiocfaidh sé ar an-chuid focail sa léitheoireacht nach n-aithneoidh sé ar an gcéad dul síos agus ansan nach mbeidh sé in ann a léamh. Nach bhfuil sé sin an-deacair air? Conas gur féidir liom tabhairt faoi sin nuair nach bhfuil fonn air Ghaeilinn a labhairt aige baile.

Mar aon le an-chuid páistí sna Gaelscoileanna, ceapann sé gur teanga teagaisc í an Ghaeilinn agus níl suim aige i gcartúin nó léitheoireacht na Gaeilge sa bhaile.

Is próiseas é sealbhú na léitheoireachta – tarlaíonn sé de réir a chéile. Déanfaidh do pháiste dul chun cinn sa teanga labhartha de réir mar a dhéanann sé dul chun sinn sa teanga scríofa. Ná déan dearmad go bhfuil do pháiste tumtha sa Ghaeilge ar scoil, agus go bhfoghlaimíonn sé focail nua sa chaoi chéanna is a bhfoghlaimíonn sé iad sa Bhéarla sa bhaile.

Sa bhreis air sin, is gnáth dúinn go léir teacht ar fhocail nua agus muid ag léamh. Is í an léitheoireacht ceann de na bealaí is éifeachtaí le focail nua a fhoghlaim. Sin an fáth a dhéantar fónaic a theagasc – le go mbeidh páistí in ann focail nua a dhíchódú. Is féidir go leor focal a thuiscint i gcomhthéacs na habairte, fiú muna bhfuil siad ar eolas ag duine cheana féin. Dá mhéad a léann sé, is fearr é: tá leabhair iontacha ar fáil sa Ghaeilge do gach aoisghrúpa agus ar go leor téamaí agus ábhair éagsúla.

Is fiú Gaeilge a labhairt le do pháiste sa bhaile fiú más Béarla a labhraíonn sé nó sí ar ais leat. D'fhéadfá cur leis na comhthéacsanna ina n-úsáideann do pháiste Gaeilge. Bíonn imeachtaí teaghlaigh ar siúl ag grúpaí éagsúla (féach ar www.peig.ie agus roghnaigh “oiriúnach do theaghlaigh” ón liosta), mar shampla. Is féidir le Gaeloideachas comhairle a chur ort maidir le heagraíochtaí éagsúla ag brath ar do chuid riachtanas.

Tacaíocht a chur ar fáil don pháiste le disléicse

Supporting a child with dyslexia

Gaeloideachas

Guth don Oideachas Ián-Ghaeilge agus Gaeltachta



Tacaíocht a chur ar fáil don pháiste le disléicse

Cén chaoi ar féidir liom tacú le mo pháiste?

Tá neart bealaí ann cabhrú le do pháiste a bhfuil disléicse air dul chun cinn a dhéanamh, beag beann ar an teanga a labhraíonn sibh sa bhaile. Tá sé tábhachtach tacaíocht a bhaineann le scileanna teanga agus litearthachta a chur ar fáil ag aois óg. Tugtar comhairle a bhaineann leis seo thíos:

Bainfidh do pháiste tairbhe as idirghabháil i dteanga ar bith m.s ag obair ar scileanna fheasacht fóineolaíochta agus stór focal a fhorbairt.

Feasacht fóineolaíochta: forbair an scil seo trí rímeanna agus dánta a chumadh agus éisteacht leo, cluichí a imirt ar nós ‘feicim le mo shúile beaga cinn’ a dhíríonn ar fhuaimeanna, nó trí fhuaimeanna a thabhairt isteach i ngníomhaíochtaí eile (m.s. iarr ar do pháiste líon na bhfuaimeanna i bhfocal a chomhaireamh, agus cos bhacóide a dhéanamh do gach fuaim).

Stór focal: Bealaí iontacha le stór focal a fhorbairt ná léitheoireacht, éisteacht le closleabhair agus biongó na bhfocal a imirt.

Tabhair rudaí le léamh do do pháiste a bhfuil suim ag do pháiste ann – d’fhéadfadh cártaí Pokemon nó irisí a bhaineann le hainmhithe, carranna nó spórt a bheith i gceist.

Labhair Gaeilge leis an bpáiste más í Gaeilge teanga an tí. Dá mhéad taithí a bhíonn ag páistí leis an nGaeilge, is ea is fearr a éiríonn leo litearthacht na Gaeilge a shealbhú, dar le taighde a bhaineann le páistí i scoileanna Gaeltachta (Harris et al., 2006).

Lig don pháiste labhairt, agus éist leis an bpáiste.

Cuir deiseanna léitheoireachta ar fáil sa dá theanga. Mura bhfuil tú muiníneach go leor rudaí a léamh le do pháiste i nGaeilge, is féidir closleabhair Ghaeilge a úsáid (An Gúm & Breacadh)

Taifead dul chun cinn do pháiste sa dá theanga agus déan monatóireacht ar fhorbairt an pháiste sa dá theanga, chun monatóireacht a dhéanamh ar aistriú scileanna idir an dá theanga.

Bain úsáid as straitéisí idirghabhála atá bunaithe ar fhianaise (Gaeilge/Béarla/teanga eile a labhraítear sa teach) agus tú ag cabhrú leis an bpáiste sa bhaile.

Má bhíonn sé deacair ar do pháiste obair bhaile (OB) a thaifeadh, iarr ar an bpáiste pictiúr den OB a ghlacadh nó iarr ar an múinteoir ranga ríomhphost leis an OB a sheoladh.

Cuir deiseanna fiúntacha léitheoireachta agus scríbhneoireachta ar fáil don pháiste i ngnáthghníomhaíochtaí an lae. Mar shampla, léigh oidis agus lipéid bhia le chéile, scríobh nótaí ar fhéilire an teaghlaigh, úsáid bileoga agus catalóga siopadóireachta, scríobh liostaí siopadóireachta, liostaí rudaí atá le déanamh nó cártaí. Iarr ar an múinteoir leibhéal laghdaithe obair bhaile a thabhairt don pháiste, más gá.

Ar scoil agus sa phobal:

- Bíodh ionchur agus i bpleanáil scoile, bí oscailte faoi riachtanais do pháiste agus comhoibrigh leis an múinteoir chun tacaíocht a chur ar fáil do do pháiste.
- Iarr ar dhaoine eile comhairle a thabhairt nuair a bhíonn gá léi.
- Cláraigh leis an leabharlann agus freastal ar imeachtaí a bhaineann le teangacha nó litearthacht. Tá neart eagraíochtaí a chabhraíonn le tuismitheoirí atá ag tógáil a gcuid páistí trí Ghaeilge nó go dátheangach.
- Cláraigh le Gaeloideachas chun an Nuachtlitir RSO a fháil ina bhfuil eolas ar acmhainní, chomh maith leis an nuacht is déanaí.

Ag an am céanna, tá sé tábhachtach aire a thabhairt do shláinte do pháiste chomh maith le do shláinte féin:

- Bíodh foighne agat. Is gá a thuiscint go nglacfaidh sé am agus dúthracht scileanna léitheoireachta a fhorbairt.
- Cuir le muinín do pháiste, díriú ar na buanna atá aige nó aici agus déan iad a mholadh as a scileanna agus a gcumais. Abair leo go bhfuil neart daoine ann a raibh disléicse orthu a bhain spriocanna uailmhianacha amach.
- Bí stuama faoi: ní bun agus barr an scéil an disléicse, níl ann ach cuid amháin den eispéireas foghlama.

Is féidir an páiste a thacú ar bhealaí eile agus é nó í ag dul in aois:

- Mol gnáthamh laethúil a chabhraíonn le rudaí a eagrú (m.s. spás staidéir atá idir néata agus eagraithe, comhaid dhathchódaithe, cuir teorainn leis na rudaí a chuireann isteach ar an obair sa spás staidéir, féilire don OB/Staidéar, srl.)
- Úsáid teicneolaíocht a ligeann do pháistí a bhfuil foghlamtha acu a léiriú agus a thaifeadh ar bhealaí éagsúla (físeán a dhéanamh, comhad fuaimne a thaifeadh, srl.)
- Cuir deiseanna ar fáil a ligeann don pháiste eolas ar na hábhair a fháil ar bhealaí éagsúla. D'fhéadfadh físeáin, closleabhair, podchraoltaí nó acmhainní/ceachtanna ar líne a bheith i gceist.
- Cuir isteach ar tharscaoileadh litrithe/gramadaí nó socruithe eile do scrúduithe más gá

Tá comhairle úsáideach ar shuíomh idirlín Chumann Disléicse Éireann do thuismitheoirí páistí a bhfuil disléicse orthu. Cé nach bhfuil an chomhairle seo bunaithe ar pháiste i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, tá an chuid is mó di ábhartha.

Cén tionchar a imríonn leibhéal Gaeilge an tuismitheora ar an tacaíocht ar féidir leis nó léi a chur ar fáil don pháiste (a bhfuil disléicse air) atá ag foghlaim trí mheán na Gaeilge?

Baineann tábhacht leis an idirghabháil sa bhaile, beag beann ar leibhéal Gaeilge an tuismitheora. Is féidir scileanna litearthachta a shealbhaítear i dteanga amháin cabhrú le forbairt na scileanna céanna i dteanga eile. Cuireann an léitheoireacht i dteanga an tí, chomh maith le comhráite agus díospóireachtaí, le forbairt stór focal an pháiste. Ní bhaineann an brú céanna le tascanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta sa bhaile is a bhaineann le hobair bhaile: d'fhéadfadh liosta siopadóireachta nó liosta rudaí atá le déanamh a bheith i gceist anseo, nó súil a chaitheamh ar thuar na haimsire sula dtéann tú amach don lá.

Is féidir le tuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge acu cabhrú lena bpáistí atá ag foghlaim trí mheán na Gaeilge, iad siúd a bhfuil disléicse orthu san áireamh. Maidir le hionchur teanga na Gaeilge, is féidir stór focal agus scileanna léamhthuisceana a fhorbairt trí éisteacht le closleabhair le chéile. Ba chóir an deis a chur ar fáil don pháiste a bheith ag léamh i nGaeilge: mura bhfuil tú cinnte faoin bhfuaimniú, cuireann www.teanglann.ie comhaid fuaime ar fáil d'fhocail aonair agus cuireann www.abair.ie comhaid fuaime ar fáil do fhrásaí agus abairtí. Tá neart acmhainní agus aipeanna ar fáil ar líne a chuireann ceachtanna ar fáil do pháistí, ceachtanna a bhaineann leis an litriú, stór focal agus an léitheoireacht.

Is tuismitheoir agus iarscoláire gaelscoile mé a bhfuil disléicse orm. Ní raibh aon tacaíocht ar fáil domsa nuair a bhí mé ar scoil. Conas ar féidir liomsa cabhrú le mo pháiste anois?

Tá ár gcuid tuisceana ar an disléicse ag forbairt go leanúnach mar aon lenár dtuiscint ar idirghabhálacha éifeachtacha le cabhrú le páistí a bhfuil disléicse orthu. Tá sé tábhachtach do pháiste a spreagadh agus a mholadh chun cur lena gcuid féinmhuiníne. Ós rud é gur fhreastail tusa ar ghaelscoil, is féidir leat cur le scileanna teanga do pháiste trí Ghaeilge a labhairt leis nó léi sa bhaile agus is buntáiste mór í sin. Chomh maith leis sin, tá comhthuiscint agat le do pháiste: tuigeann tú na dúshláin atá ann ach gur féidir iad a shárú. Beidh tú in ann cabhrú le hobair bhaile agus tionscadail eile freisin agus aon chleasanna nó mhodhanna oibre a chabhraigh leatsa a roinnt le do pháiste. Tá go leor tacaíochta ar fáil i scoileanna anois agus tá tuilleadh eolais air sin sa rannóg maidir le Disléicse agus oideachas lán-Ghaeilge. Tá tuilleadh eolais ar na bealaí le tacaíocht a chur ar fáil sa bhaile sa chéad ceist ar an leathanach seo.

Cén cineál tacaíochta ar cheart dom, mar thuismitheoir, a bheith ag lorg ón scoil?

Tá sé tábhachtach go gcuirfead tacaíocht léitheoireachta ar fáil do do pháiste. Ag brath ar riachtanais do pháiste, is féidir díriú ar na gnéithe seo a leanas mar chuid de chlár tacaíochta:

- Traenáil san fheasacht fóineolaíochta ag díriú ar (i) idirdhealú a dhéanamh idir fuaimeanna na teanga agus (ii) fuaimeanna a scaradh óna chéile nó a chur le cheile.
- Traenáil san fhónaic i nGaeilge agus i mBéarla. Tá traenáil ag teastáil sa dá theanga toisc nach ionann fuaimeanna an dá theanga ná rialacha litir-go-fuaim an dá theanga. Tá acmhainní ar fáil sna cláir seo, mar shampla: Fónaic na Gaeilge, Mar a Déarfá, Cód na Gaeilge, agus Lámh Chúnta. Tá cláir agus acmhainní nua á bhforbairt go leanúnach.
- Cleachtadh léitheoireachta le leabhair ghrádaithe (céimnithe? – graded readers?). Tá a leithéid ar fáil mar chuid de Cleite agus Séideán Sí.
- Traenáil ar na focail ardmhnicíochta
- Straitéisí litrithe e.g. féach-scríobh-clúdaigh-abair-seiceáil
- Go leor cleachtaidh agus aithrise ar scileanna léitheoireachta agus teanga
- Comhléitheoireacht agus athléitheoireacht (repeated reading?) le cur le líofacht agus luas na léitheoireachta
- Cluichí agus cleachtaí leis an stór focal a leathnú le scileanna léamhthuisceana a ardú.

Cé go bhfuil éagsúlachtaí ann idir an dá theanga, cuireann dul chun cinn i dteanga amháin le scileanna sa teanga eile. Ba cheart go ndéanfaí measúnú ar dhul chun cinn do pháiste go rialta agus go ndéanfaí athbhreithniú ar a c(h)lár idirghabhála dá réir. Chomh maith leis sin, ba chóir go mbeadh fáil ag do pháiste ar theicneolaíochtaí cúnta má bhíonn sé ag teastáil uaidh nó uaithe.

Cén teicneolaíocht chúnta atá ar fáil do pháistí a bhfuil disléicse orthu atá i scoileanna lán-Ghaeilge nó Gaeltachta (m.s. guth -> téacs, téacs -> fuaim srl.)? Tá an chuma ar an scéal gur i mBéarla amháin a fheidhmíonn formhór na mbogearraí a úsáidtear i scoileanna.

Tá teicneolaíocht ag Abair.ie a ligeann duit éisteacht le téacs a chlósscríobhann tú isteach ar an suíomh. Is féidir canúint an duine agus luas na cainte a roghnú chomh maith. Tá guthanna ag Abair chomh maith ar féidir iad a úsáid leis an léitheoir scáileáin NVDA, a léann amach an téacs ar an scáileán. Tá treoir maidir le suiteáil an léitheora scáileáin agus an bhreiseáin anseo:

<https://www.abair.tcd.ie/products/nvda/download.html>. I measc na dteicneolaíochtaí eile tá an seiceálaí litrithe GaelSpell agus an seiceálaí gramadaí Anois, atá ar fáil ag www.cruinneog.com, teicneolaíochtaí a ligeann don úsáideoir earráidí i gcomhaid Word a cheartú.

Acmhainn eile is ea An Scéalaí a thugann teicneolaíocht chúnta agus eispéireas foghlama le chéile (<https://www.abair.tcd.ie/scealai/#/landing>). Ligeann An Scéalaí don úsáideoir scéal no aiste a scríobh agus a obair féin a cheartú i bpróiseas dhá chéim. Is í an tseiceáil fuaime an chéad chéim, nuair a éistean an t-úsáideoir leis an scéal nó aiste á léamh ag ceann de ghuthanna ABAIR. An aidhm atá leis seo nó go gceartóidh an t-úsáideoir earráidí litrithe, earráidí gramadaí nó focail a fágadh ar lár nuair a chloiseann siad sa tseiceáil fuaime iad. An dara céim is ea seiceáil uathoibríoch litrithe agus gramadaí leis an mbogearra An Gramadóir. Is féidir leis an múinteoir aiseolas labhartha nó scríofa a chur ar fáil don scoláire. Déantar na scéalta a stóráil i gcuntas an scoláire, áit a ndéantar taifead ar obair scríofa agus dul chun cinn an scoláire.

An bhfuil aon chluichí as Gaeilge ar fáil chun cabhrú leis an léitheoireacht agus an litriú? Táimid ag úsáid *Nessy and Reading Eggs* sa Bhéarla.

Tá leabhairíní ag an gclár Mar a Déarfá (<https://www.maradearfa.ie/>) le físeáin a chabhróidh le páistí idirdhealú a dhéanamh idir fuaimeanna na Gaeilge, scil thábhachtach don luathlitearthacht. Tá na leabhairíní agus na físeáin sin ar fáil sa trí mhórchanúint. Tá cluichí teanga agus litearthachta ag an gclár Séideán Sí chomh maith sna mórchanúintí (<https://www.seideansi.ie/>).

Tá go leor cluichí agus acmhainní forbartha don churaclam Gaeilge agus don oideachas lán-Ghaeilge ó thuaidh. Tá cluichí ar líne ag an gclár Cleite a chabhraíonn le páistí scileanna fóineolaíochta, fónaice agus léitheoireachta a fhorbairt (<https://ccea.org.uk/learning-resources/clar-luathleitheoireachta-cleite/cluichi-bhanda-1#section-7267>). Tá cluichí teanga agus litearthachta ag an gclár Féasta Focal chomh maith (<https://ccea.org.uk/learning-resources/feasta-focal>). Tá cluichí fónaice ag an gclár Cód na Gaeilge (<https://ccea.org.uk/learning-resources/cod-na-gaeilge>) a chabhraíonn le páiste an nasc idir litir agus fuaim a thuiscint. Tá cluichí litrithe ag (http://legacy.ccea.org.uk/curriculum/gaeoideachas/foghl%C3%AD_focal).

Tá liosta iomlán d'acmhainní ar fáil ar shuíomh gréasáin COGG (www.cogg.ie).

An bhfuil aon mholtaí maidir le tacú leis an duine óg le riachtanais bhreise le linn na cianfhoghlama?

Tá dúshláin agus deiseanna ag baint leis an gcianfhoghlaim.

Na dúshláin:

- Tá sé níos deacra ar mhúinteoirí measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag páistí nuair nach bhfuil siad sa rang. Coinnigh taifead ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag do pháiste agus cuir ar a s(h)úile dóibh é má bhíonn drochlá acu. Má tá deacracht ag do pháiste le hábhar, scil nó topaic ar leith, breac síos é.
- Bíonn roinnt mhaith cleachtaidh agus aithrise de dhíth ar pháistí le disléicse agus seans nach mbeidh na deiseanna sin ar fáil nuair nach bhfuil siad ar scoil. Is féidir deiseanna foghlama nó cleachtadh a shníomh isteach sa lá. Mar shampla, má bhíonn an deis agat cócaireacht a dhéanamh le do pháiste, is féidir scileanna léitheoireachta (an t-oideas) agus seicheimhú (comhábhair agus céimeanna) a chleachtadh i gcomhthéacs difriúil.

Na deiseanna:

- Tá an lá scoile níos solúbtha anois agus beidh níos mó ama ag do pháiste eolas a phróiseáil.
- Is deis mhaith í seo do pháistí fáil amach cén cineál foghlamtha a oireann dóibh – is céim thábhachtach í seo i bhforbairt an fhoghlaimora neamhspleách. Is féidir leo a spás a chur in oiriúnt dóibh féin, sosanna a ghlacadh nuair a oireann sé dóibh, agus ábhair eile foghlama a thriail (closleabhair, podchraoltaí, físeáin, etc.).
- Tá se tábhachtach cruth a chur ar an lá. Is maith an rud clár ama a chur le chéile agus dathanna éagsúla a chur ar thascanna difriúla.
- Bain triail as teicneolaíochtaí nua. Féach ar na haipeanna a ndéantar tagairt dóibh thuas chomh maith leis na cineálacha éagsúla teicneolaíochtaí cúnta don Ghaeilge.

Cuireann méid na hoibre baile a bhíonn le déanamh ag mo pháiste frustrachas air. Glacann sé neart ama air nó uirthi an obair a dhéanamh agus géilleann sí nó sí go minic. N’fheadar cén chaoi le feabhas a chur ar chúrsaí gan frustrachas nó buairt a chur orainn beirt.

Tá dul chun cinn déanta agat cheana féin mar go bhfuil an obair bhaile aitheanta mar fhoinsé frustrachais: tá an iomarca le foghlaim ag an bpáiste in achar teoranta ama. Is fiú labhairt leis an múinteoir le fáil amach an féidir an obair bhaile a athrú sa chaoi nach mbeidh foghlaim de ghlanmheabhair nó lear mór eolais i gceist.

Ansin, aimsigh bealaí éagsúla leis an ábhar atá le foghlaim a fhoghlaim. D’fhéadfadh clár faisnéise, fiseáin, podchraoltaí nó closleabhair bheith i gceist anseo. Is é an bealach is fearr chun eolas a fhoghlaim ná “spreagthaigh” a chur ar fáil. D’fhéadfaí rudaí atá ar eolas ag an bpáiste cheana féin, chomh maith le spreagthaigh amhairc (íomhánna/pictiúir) agus spreagthaigh ceoil bheith i gceist, ach iad bheith ar fáil. Is féidir le meabhairmhapaí cabhrú leis an bpáiste naisc idir codanna éagsúla eolais a shamhlú, agus na codanna eolais seo a úsáid mar spreagthaigh dá chéile.

Má tá scileanna á bhfoghlaim ag do pháiste, seachas eolas (m.s. scileanna matamaitice, fónaice), is féidir straitéisí samhlaíthe a úsáid. D’fhéadfaí ábhar fisiciúil a úsáid (m.s. cnaipí don mhata) nó cruth na litreacha a dhéanamh le do lámha le dul siar ar fhoghlaim na litreacha. Is féidir le marcóirí a bhfuil dathanna éagsúla orthu agus clár bán an-difriocht a dhéanamh do roinnt páistí ó thaobh na foghlama de.

Chomh maith leis seo, cinntigh go bhfuil timpeallacht mhaith foghlama curtha ar fáil don obair bhaile. D’fhéadfadh spás ciúin atá saor ó rudaí a tharraingíonn aird bheith i gceist anseo. Ba chóir an obair bhaile a dhéanamh ag am nach bhfuil tuirse nó ocras ar an bpáiste, tar éis dó nó di sos a fháil tar éis na scoile. Déan cinnte go bhfuil go leor solais san áit staidéir is go bhfuil gach rud a bheidh ag teastáil ón bpáiste aige nó aici (leabhair nótaí agus stáiseanóireacht). Is féidir le háit staidéir atá eagraithe frustrachas nach bhfuil gá leis a sheachaint. D’fhéadfaí pleanálaí balla nó deisce a úsáid, chomh maith le comhaid dhathchódaithe do na hábhair agus leabhair nótaí do pháistí atá níos sine. Déan do pháiste a spreagadh le moladh agus déan taifead ar dhul chun cinn an pháiste i réimsí éagsúla. Glac sos nuair a thagann buairt nó frustrachas ar an bpáiste agus meabhraigh dóibh an dul chun cinn atá déanta.



Oideachas iar-bhunleibhéil agus disléicse

Cén chomhairle a thabharfá maidir leis an aistriú ó bhunscoil Ián-Ghaeilge go dtí iar-bhunscoil Ián-Ghaeilge?

Is gá bheith eagraithe le haistriú rathúil ó bhunoideachas go hoideachas dara leibhéal a chinntiú. Cinntigh go bhfuil an scoil ar an eolas maidir le riachtanais nó tacaíochtaí breise a bheidh ag teastáil ó do pháiste. Is minic a bhíonn imní ar pháistí sna míonna tosaigh den iar-bhunscolaíocht, agus ba chóir ceist a chur orthu faoin gcaoi a mothaíonn siad, ar bhonn rialta. Cuir ar a suaimhneas iad le spreagadh agus moladh, agus abair leo go n-éireoidh rudaí níos éasca. Is fiú súil a chaitheamh ar an dialann scoile gach lá le fadhbanna a aithint ag an tús.

Bítear ag súil le leibhéal níos airde féinbhainistíochta agus féineagraithe san iar-bhunscoil. Bíonn deacrachtaí ag roinnt páistí a bhfuil disléicse orthu leis an eagrú. Más amhlaidh an cás, is fiú a chinntiú go bhfuil córais i bhfeidhm a chabhróidh le do pháiste bheith eagraithe:

- Déan meabhrúcháin laethúla a sceidealú ar fhón nó ar thaibléad an pháiste a chuireann i gcuimhne dó nó di a bhfuil ag teastáil do na ranganna.
- Iarr ar an múinteoir cead a thabhairt do do pháiste pictiúr den obair bhaile a ghlacadh má bhíonn sé deacair air nó uirthi an OB a thaifeadh.
- Déan amhchlár bhreise a chóipeáil agus cuir sa mhála scoile nó taisceadán iad.
- Cuir tic amháin in aice leis an OB agus í críochnaithe, agus an dara tic nuair atá sí curtha sa mhála scoile.
- Déan tascanna móra (m.s. ullmhúchán do scrúduithe stáit) a bhriseadh síos ina gcodanna, ionas nach mbeidh an iomarca struis ar an bpáiste.
- Bain úsáid as aipeanna meabhairmhapaí le topaicí agus eolas ó ábhar scoile a eagrú. Má tá aip in úsáid, faigh amach an féidir an t-eolas a scríobh i nGaeilge agus an bhfuil an fhéidearthacht ann chun méid nó dath an chló a athrú le go mbeidh siad oiriúnach do riachtanais an pháiste.

Is féidir teicneolaíocht teanga a úsáid chun cabhrú le do pháiste san iar-bhunscoil. Is féidir le do pháiste teaglann.ie agus foclóir.ie a úsáid le téarmaíocht a bhaineann le hábhar faoi leith a fhoghlaim. Tá ‘draoi gramadaí’ ar fáil ar teaglann.ie atá an-úsáideach má tá aistí nó freagraí a scríobh ag do pháiste. Tá eolas breise a bhaineann le bogearraí cabhrach, chomh maith le seiceálaithe litrithe agus gramadaí ar fáil sa mhír maidir le Tacaíocht a chur ar fáil don pháiste le disléicse.

Cén chomhairle atá ann faoi pháiste a bhfuil disléicse air a chlárú i scoil ina bhfuil iPadanna in úsáid?

Is féidir leis an teicneolaíocht bheith ina hábhar cabhrach do pháistí a bhfuil disléicse orthu. Tá neart bogearraí ann a chabhraíonn leis an litearthacht (m.s. bogearra téacs -> caint agus seiceálaithe litrithe agus gramadaí) agus leis an eagrúchán (m.s. meabhairmhapaí agus meabhrúcháin). Ciallaíonn sé seo gur féidir le iPad bheith ina bhuntáiste don pháiste. Is gá a chinntiú go bhfuil teagasc na scoile curtha in oiriúint sa chaoi is go n-oireann an teagasc don teicneolaíocht, agus ba chóir go mbeadh acmhainní foghlama ar fáil ar pháipéar dóibh siúd arbh fhearr leo páipéar a úsáid.

Cén tionchar a bheidh ag an disléicse ar chumas mo pháiste an tríú teanga a fhoghlaim?

Tugann taighde a rinneadh le déanaí (Von Hagen, 2019) le fios go mbíonn páistí a bhfuil disléicse orthu chomh maith céanna ó thaobh fhoghlaim an tríú teanga de. É sin ráite, tá roinnt páistí ann a mbeidh tacaíocht bhreise uathu. Bíonn páistí i scoileanna lán-Ghaeilge an-chumasach ó thaobh fhoghlaim an tríú teanga de mar go bhfuil scileanna litearthacha Béarla agus Gaeilge sealbhaithe acu cheana féin. Tá tuiscint mhaith ag na páistí seo ar an gcaoi a bhfeidhmíonn teangacha mar go bhfuil siad líofa i ndá theanga cheana.

Déan cinnte go bhfaigheann do pháiste neart taithí leis an teanga labhartha, rud a chuirfidh go mór le cumas agus le forbairt litearthachta an pháiste. Is gá cúpla rud a chur san áireamh agus teanga iasachta á roghnú le staidéar a dhéanamh uirthi. I dtosach báire is gá córas scríbhneoireachta na teanga a chur san áireamh. Tá sé níos éasca teangacha a fhoghlaim a bhfuil córas scríbhneoireachta simplí acu (an Spáinnis nó an Iodáilis). An dara rud atá le cur san áireamh ná an teicneolaíocht chúnata atá ar fáil sa teanga, teicneolaíocht téacs -> caint agus seiceálaithe litrithe agus gramadaí mar shampla. Bíonn cuid mhór de scrúduithe teanga bunaithe ar an gcaint agus ar an éisteacht, rud atá éagsúil le hábhair eile. Tá gach seans go mbainfidh do pháiste sult as seo is go n-éireoidh go geal leo leis an teanga.

An bhfuil aon chásanna ann ina mbeadh sé inmholta gan páiste a sheoladh chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge, tar éis dó nó di bheith i mbunscoil lán-Ghaeilge?

Is deacair an cheist seo a fhreagairt gan sonraí an cháis bheith ar eolas. Is é an rud is tábhachtaí atá le cur san áireamh agus iar-bhunscoil á roghnú ná éiteas na scoile. Faigh amach an bhfuil polasaí maith ionchuimsithe acu, an taithí atá acu le páistí a bhfuil na riachtanais chéanna acu is atá ag do pháiste agus an bhfuil siad toilteanach foghlaim faoi conas freastal ar riachtanais do pháiste. Cuir ceist orthu faoi na rudaí seo ag déan cinneadh atá bunaithe ar chumas na scoile freastal ar riachtanais do pháiste, agus suim an pháiste freastal ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Cabhróidh na

scileanna teanga atá sealbhaithe ag do pháiste ag leibhéal bunscoile leis nó léi agus iad ag bogadh ar aghaidh go dtí an iar-bhunscolaíocht.

Céard iad na hábhair is fearr le roghnú ag leibhéal na hiar-bhunscoile? Ar chóir na hábhair a mbaineann foghlaim de ghlanmheabhair leo a sheachaint?

Roghnaigh ábhair bunaithe ar spéiseanna agus láidreachtaí do pháiste, chomh maith le riachtanais an ábhair. Má bhíonn deis ag do pháiste ábhair éagsúla a thriail ag tús na chéad bhliana, tuigfidh siad céard iad na hábhair is fearr leo. Má tá do pháiste go maith ag réiteach fadhbanna nó má thuigeann siad coincheapa teibí, seans go n-oirfidh fisic nó ceimic don pháiste. Má tá do pháiste cruthaitheach le cumas maith amharcpásúil, seans go n-oirfidh ealaín nó líníocht theicniúil. Ní bhíonn droch-chuimhne ag gach páiste a bhfuil disléicse air nó uirthi ach ba chóir ábhair a mbaineann foghlaim de ghlanmheabhair, an stair mar shampla, a sheachaint má tá droch-chuimhne ag do pháiste. Is fiú súil a chaitheamh ar iarpháipéir scrúdaithe le fáil amach a bhfuil ag teastáil sna freagraí. Bíonn gá le sleachta fada nó aistí i roinnt ábhar, agus ní bhíonn in ábhair eile.

Ó thaobh na dteangacha de, is mó seans go n-éireoidh go maith le páistí a bhfuil disléicse orthu le teangacha ar nós na Spáinnise, teangacha a bhfuil córas simplí scríbhneoireachta acu ina ndéantar gach litir a fhuaimniú. Is fiú súil a chaitheamh ar an teicneolaíocht chúnta agus ar na hacmhainní atá ar fáil ar líne a bhaineann leis an teanga sula roghnaíonn tú í. Is gá spéiseanna an pháiste a chur san áireamh chomh maith. Bíonn tionchar ag spéis do pháiste san ábhar ar a c(h)umas eolas a bhaineann leis an ábhar a chuimhneamh. Má tá spéis ag do pháiste san ábhar beidh siad níos spreagtha staidéar a dhéanamh air agus an t-eolas a chuimhneamh. Beidh do scoil in ann tuilleadh comhairle a chur ort maidir leis seo.

An fearr na scrúduithe Stáit a dhéanamh trí Bhéarla?

Má fhoghlaimíonn do pháiste an t-ábhar trí mheán na Gaeilge, is fearr na scrúduithe Stáit a dhéanamh i nGaeilge. Beidh aithne ag do pháiste ar an téarmaíocht Ghaeilge a úsáidtear sna hábhair má dhéantar an teagasc i nGaeilge. Chomh maith leis sin, beidh taithí acu le struchtúrú agus scríobh na bhfreagraí i nGaeilge. D'fhéadfaí pointí breise bheith ar fáil do do pháiste má dhéanann sé nó sí na scrúduithe i nGaeilge.

Céard iad na tacaíochtaí atá ar fáil do na scrúduithe Stáit, m.s. tarscaoileadh litrithe, srl. sna hábhair ar fad?

D'fhéadfadh scoláirí a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu bheith i dteideal roinnt de na socrúithe seo, ag brath ar dhéine riachtanais an scoláire:

- Tarscaoileadh litrithe nó gramadaí sna hábhair teanga amháin (ní bhaineann sé seo le hábhair eile)
- Peann léitheoireachta scrúdaithe, a dhéanann an script scrúdaithe a scanáil agus a léamh (do scrípteanna scrúdaithe atá i mBéarla)
- Cúntóir léitheoireachta a chabhraíonn le léitheoireacht an scoláire nuair a bhíonn gá leis m.s. focail nó frásaí a léamh amach nuair is gá
- Léitheoir, a dhéanfaidh an páipéar scrúdaithe a léamh
- Ríomhaire nó gléas taifeadta a dhéanann freagraí an scoláire a thaifeadadh
- Scríobhaí (i gcásanna eisceachtúla)

Tá socrúithe eile ann má tá lagú amhairc nó éisteachta ar do pháiste. Cuirtear treoirlínte ar fáil, a ndéantar leasú orthu gach bliain. Déan cinnte na treoirlínte is nuáí a fháil ón scoil maidir le dátaí deiridh d'iarraitais. Seo iad treoirlínte na bliana 2019: <https://www.examinations.ie/schools/BI-1013-1972533.pdf>

Tá cáilitheacht do pháiste do na socrúithe seo bunaithe ar a c(h)uid torthaí is déanaí i dtástálacha litearthachta (cinn a rinneadh sa 12 mhí roimhe). Is smaoineamh maith é torthaí scoile do pháiste a thaifeadh, agus samplaí den obair a dhéanann sé nó sí a choinneáil. Ní bhíonn gá le tuairisc shíceolaíochta le cur isteach ar na socrúithe.

Ceisteanna & Freagraí: Disléicse
Questions & Answers: Dyslexia

Tagairtí References



Gaeloideachas

Guth don Oideachas Ián-Ghaeilge agus Gaeltachta

Tagairtí

Parsons, C. E., & Lyddy, F. (2016). *A longitudinal study of early reading development in two languages: comparing literacy outcomes in Irish immersion, English medium and Gaeltacht schools*. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 19(5), 511-529.

Ní Chiaruáin, M. (2009) *An Examination of How Children with Dyslexia Experience Reading in Two Languages in a Gaelscoil*. Unpublished thesis, St. Patrick's College, Dublin City University.

Genesee, F., & Jared, D. (2008). *Literacy development in early French immersion programs*. *Canadian Psychology/Psychologie canadienne*, 49(2), 140.

Andrews, S. (2020). *The additional supports required by pupils with special educational needs in Irish-medium schools* (Doctoral dissertation, Dublin City University).

Acmhainní Resources



Acmhainní

Leabhráin

- Students with Dyslexia in an Irish-medium school: Advice for Parents <https://gaeleideachas.ie/wp-content/uploads/2020/06/Students-with-Dyslexia-in-an-Irish-medium-school-Advice-for-Parents.pdf>
- Supporting your Child: Irish-medium Education and Special Education Needs (Bilingual Leaflet) <https://gaeleideachas.ie/wp-content/uploads/2020/12/NCSE-Leaflet-d%C3%A1theangach-16pp-FOR-WEB-1.pdf>

Taighde

- Gaelscoileanna and dyslexia: A review of literature | Gaelscoileanna agus an disléicse: Léirbhreithniú ar an litríocht ar an ábhar Máire-Áine Ní Chinnéide <http://gaeleideachas.ie/wp-content/uploads/2017/06/Conference-Book-PAPERS-FNL-web.pdf>
- An Examination of How Children with Dyslexia Experience Reading in Two Languages in a Gaelscoil <https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/mairead-ni-chiaruain-1.pdf>
- The special educational needs of bilingual (Irish-English) children by Deirdre NÍ Chinnéide, POBAL http://dera.ioe.ac.uk/11010/7/de1_09_83755_special_needs_of_bilingual_children_research_report_final_version_Redacted.pdf
- How children with dyslexia experience literacy in Irish and English in a Gaelscoil' Ní Chiaruáin, M. & Travers, J. (2012) 'How children with dyslexia experience literacy in Irish and English in a Gaelscoil' In: T. Day & J. Travers (eds). Special and inclusive education: A research perspective. Oxford: Peter Lang.

- 'The inclusion of Irish-medium students with special educational needs' Ní Fhoighil, N. & Travers, J. (2012) 'The inclusion of Irish-medium students with special educational needs' In: Special and inclusive education: A research perspective. Oxford: Peter Lang.

Físeáin

- Disléicse & Foghlaim na Gaeilge le Emily Barnes <https://youtu.be/Gpae1kmFtV8>
- Dyslexia & Learning the Irish Language with Emily Barnes <https://youtu.be/4Z2BLYE6wzl>
- Gaeloideachas Dyslexia Seminar for Parents 03.06.2020 (English) <https://youtu.be/2vXJzEvpMuU>
- Seimineár Gaeloideachas Disléicse do Thuismitheoirí 04.06.2020 (Gaeilge) <https://youtu.be/-8nvwfWkokY>
- Riachtanais Speisialta Oideachais Lán-Ghaeilge/Irish-Medium Special Needs Education (English Subtitles) <https://youtu.be/gOu7gpSUIMg>
- Bilingual education for children with speech, language and communication needs <https://www.youtube.com/channel/UCdv71QslvljckvrWEmxRzFQ>

Ailt

- Benefits of a bilingual education for children with special needs https://www.tcd.ie/news_events/articles/benefits-of-a-bilingual-education-for-children-with-special-needs/

Cuir i Láthair

- Doras Feasa Fiafraí: Exploring Special Educational Needs Provision and Practices across Gaelscoileanna and Gaeltacht Primary Schools in the Republic of Ireland | Mary Barrett, Jigsaw <http://www.gaelscoileanna.ie/files/RSO-Comhdh--il-Mary-Barrett.pdf>
- Dyslexia: Information from the NCSE <https://www.sess.ie/categories/specific-learning-disabilities/dyslexia>

Acmhainní Praiticiúla don Bhaile nó don Seomra Ranga

- Reading and Dyslexia: Recommendations for Schools, Parents and Teachers: <https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/NEPS-Guides/Reading-and-Dyslexia/>
- Dyslexia-Tips for Parents- Primary Aged: <https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/NEPS-Guides/Reading-and-Dyslexia/Reading-and-Dyslexia-Dyslexia-Tips-for-Parents-Primary-Aged.pdf>
- Activate Speech (Speech and Language Resources) <http://activatespeech.ie/index.html>
- Fios Fuaimeanna (Teanga agus Litearthacht) <https://ccea.org.uk/learning-resources/fios-fuaimeanna>
- Cód na Gaeilge (Clár Fónaice) <https://ccea.org.uk/learning-resources/cod-na-gaeilge>
- Straitéisí Molta le haghaidh Feabhsúchán Deacrachtaí sa Léitheoireacht (CCEA) http://www.nicurriculum.org.uk/docs/key_stages_1_and_2/assessment/incas/resource_box/Irish%20strategy%20booklet.pdf
- <https://gaeloideachas.ie/wp-content/uploads/2020/05/Bunachar-Taighde-RSO-%C3%89ireann.pdf>